

Critéir Cháilitheachta

Ciallaíonn "eagraíocht cháilitheach" eagraíocht charthanúil de réir bhrí an Achta Carthanas, 2009, atá:

- curtha isteach i gclár na n-eagraíochtaí carthanúla de bhun Chuid 3 den Acht sin agus
- arb é a gcuspóir seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, agus i mbisiú an chuspóra sin, atá i mbun cúram agus iompar a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas

Riachtanais Cháilitheachta Feithicle

Féadfaidh tú iarratas ar Fhaoiseamh a chur isteach i leith na gcineálacha feithicle seo a leanas:

- feithicil nua.
- feithicil athlámhe nár cláraíodh roimhe seo sa Stát (allmhaire).
- feithicil úsáidte atá cláraithe sa Stát cheana féin.
- feithicil atá faoi sheilbh na heagraíochta cheana féin agus atá cláraithe ina n-ainm.

Feithicil chun daoine faoi mhíchumas a iompar

Is é €16,000 an t-uasmhéid iomlán (CCF/CBL) is féidir a loghadh nó a aisíoc i leith feithicle ar leith a tógadh nó a cuireadh in oiriúint go speisialta chun daoine faoi mhíchumas a iompar. Tá an loghadh agus/nó an aisíocaíocht faoi réir an eagraíochta cháilitheach a bheith ag baint úsáide as an bhfeithicil atá i gceist ar feadh dhá bhliain ón dáta iarratais/ceannaigh, no cibé is déanaí.

- Ní mór don eagraíocht an fheithicil a cheannach agus í cláraithe faoi ainm na heagraíochta.
- Níl feithicil a fhaightear trí shocrú léasa d'aon sórt cáilithe.

Feithicil lena n-íomprófar níos mó ná cúigear faoi mhíchumas

Tá faoiseamh feabhsaithe €22,000 ar fáil. Chun bheith i dteideal an fhaoisimh bhreisithe, ní mór costas na n-oiriúnuithe, tráth a ndearnadh iad, a bheith níos airde ná praghas díola na feithicle ar an margadh oscailte nuair a cláraíodh í. Is iad na Coimisinéirí loncaim a shainíonn an praghas sin (gan costas na n-oiriúnuithe a chur san áireamh).

Ní féadfaidh an méid iomlán (CCF/CBL) a loghfar nó a aisíocfar a bheith níos mó ná an teorainn a shonraítear i leith feithicle ar leith sa chás gur tógadh nó gur cuireadh in oiriúint í chun cúigear atá faoi mhíchumas nó níos mó a iompar agus sa chás nach bhfuil níos mó ná a dhá oiread suíochán inti do phaisinéirí nach bhfuil faoi mhíchumas is atá de shuíocháin do phaisinéirí atá faoi mhíchumas. Tá an loghadh agus/nó an aisíocaíocht faoi réir an eagraíochta cháilitheach a bheith ag baint úsáide as an bhfeithicil atá i gceist ar feadh dhá bhliain ón dáta a ceannaíodh í.

- Ní mór don eagraíocht an fheithicil a cheannach agus í cláraithe faoi ainm na heagraíochta.
- Níl feithicil a fhaightear trí shocrú léasa d'aon sórt cáilithe.

Feithicil dar duine faoi mhíchumas é/í an tiománaí

Is é €10,000 an t-uasmhéid iomlán (CCF/CBL) is féidir a loghadh nó a aisíoc i leith aon fheithicle ar leith a tógadh nó a cuireadh in oiriúint go speisialta le go bhféadfaidh an duine faoi mhíchumas í a thiomáint. Tá an loghadh agus/nó an aisíocaíocht faoi réir an eagraíochta cháilitheach a bheith ag baint úsáide as an bhfeithicil atá i gceist ar feadh dhá bhliain ón dáta a ceannaíodh í.

- Ní mór don eagraíocht an fheithicil a cheannach agus í cláraithe faoi ainm na heagraíochta.
- Níl feithicil a fhaightear trí shocrú léasa d'aon sórt cáilithe.

Oiriúnuithe

I Rialachán 2 de I.R. 353 de 1994 (mar a leasaíodh), tá sé leagtha amach nach gcuimsíonn oiriúnuithe feithicle oiriúnuithe ar mhúnlaí líne táirgthe atá ar fáil ó dhéantóir nó díolamóirí an mhúnla sin mar rogha bhreise (m.sh. tras-seoladh uathoibríoch, fuinneoga a bhfuil imir orthu srl.) Ní mheastar mar oiriúnú na 'nithe breise' seo chun críocha na scéime seo um fhaoiseamh cánach.

Feithicil oiriúnaithe

Cáileofar an fheithicil má tá sí tógadh nó curtha in oiriúint le freastal ar mhíchumas an duine. Mar shampla:

Tiománaithe – rialúcháin lámhe, luasaire na coise clé, srl.

Paisinéirí – suíochán sclóine, síneadh ráillí suíocháin, srl.

1 'Feithicilí sainoiriúnaithe'

Faoin gcatagóir seo, tugtar faoiseamh CBL agus Cáin Chláraithe Feithicilí (CCF) nach mó ná €16,000 é chun na feithicilí sin a cheannach. Caihtfear seilbh a choimeád ar an bhfeithicil ar feadh trí bliana sula ndíolfar arís í. Ní cháileoidh an t-oiriúnú don fhaoiseamh breisithe murab é ceann de na hoiriúnaithe seo a leanas é:

- bealach isteach cóirithe i gcúl nó ar thaobh na feithicle ina bhfuil rampa nó ardaitheoir, mar aon le hurlár arna chóiriú sa chaoi is go dtiocfaidh cathaoir rothaí isteach go díreach inti, agus srianta sábháilteachta do chathaoir rothaí nó leaba nasctha di; nó
- bealach isteach cóirithe i gcúl nó ar thaobh na feithicle a bhfuil a hurlár arna ísliú nó arna chóiriú sa chaoi is go dtiocfaidh cathaoir rothaí isteach go díreach inti, agus srianta sábháilteachta do chathaoir rothaí nó leaba nasctha di; nó
- athrú mór ar leagan amach na bpríomhrialtán a chuirfidh ar chumas an té atá faoi mhíchumas an fheithicil a thiomáint.

2 'Feithicilí a ndearnadh oiriúnú cuimsitheach orthu'

Tabharfar faoiseamh CBL agus CCF nach mó ná €22,000 é i leith feithicilí den sórt sin. Caihtfear seilbh a choimeád ar an bhfeithicil ar feadh sé bliana sula ndíolfar arís í. Ní cháileoidh an t-oiriúnú don fhaoiseamh breisithe murab é ceann de na hoiriúnaithe seo a leanas é:

- bealach isteach cóirithe i gcúl nó ar thaobh na feithicle ina bhfuil rampa nó ardaitheoir, mar aon le hurlár arna chóiriú sa chaoi is go dtiocfaidh cathaoir rothaí isteach go díreach inti, agus srianta sábháilteachta do chathaoir rothaí nó leaba nasctha di; nó
- bealach isteach cóirithe i gcúl nó ar thaobh na feithicle a bhfuil a hurlár arna ísliú nó arna chóiriú sa chaoi is go dtiocfaidh cathaoir rothaí isteach go díreach inti, agus srianta sábháilteachta do chathaoir rothaí nó leaba nasctha di; nó
- athrú mór ar leagan amach na bpríomhrialtán a chuirfidh ar chumas an té atá faoi mhíchumas an fheithicil a thiomáint.

3 Cineál Feithicle a Fhaomhadh

I gcás feithicle a bhfuil Sainoiriúnuithe nó Oiriúnuithe Cuimsitheacha déanta uirthi mar atá leagtha amach thuas, nó i gcás go bhfuil an fheithicil á cur i láthair ag eagraíocht cháilitheach, ní mór go mbeadh na hoiriúnuithe feithicle deimhnithe mar seo a leanas:

Feithicilí Nua

I gcás oiriúnuithe ar fheithicil nua nár cláraíodh i dtír ar bith, ní mór na hoiriúnuithe sin a dheimhniú faoin bhfaomhadh de chineál an AE (Deimhniú Comhréireachta curtha ar fáil ag an déantóir feithicle) nó ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ). Más mian le duine carr athlámhe a chur in oiriúint de réir na sonraíochtaí thuas, ní mór na hoiriúnaithe sin a bheith déanta ag Duine Cuícháilithe. **Ní mór go mbeadh an deimhniú seo i bhfeidhm sula ndéanfaí iarratas ar an bhfaoiseamh seo chuig na Coimisinéirí Ioncaim (DDO).** Freisin ní mór an deimhniú sin a thaispeáint agus an fheithicil á clárú in ionad NCTS.

Feithicilí allmhairithe

I gcás feithicilí impórtáilte atá curtha in oiriúint lasmuigh den Stát, ní mór go mbeadh na hoiriúnuithe sin:

- sonraithe ar dheimhniú chlárú na feithicle eachtraí, nó
- deimhnithe ag Duine Cuícháilithe (DC) in Éirinn.

Ní mór go mbeadh an deimhniú seo i bhfeidhm sula ndéanfaí iarratas ar an bhfaoiseamh seo chuig na Coimisinéirí Ioncaim (DDO). Freisin ní mór an deimhniú sin a thaispeáint agus an fheithicil á clárú in ionad NCTS.

Feithicilí atá cláraithe in Éirinn

Maidir le Feithicilí a Cláraíodh in Éirinn a chuirtear in oiriúint tar éis clárú in Éirinn, ní mór go mbeidís deimhnithe ag Duine Cuícháilithe (DC) in Éirinn. **Ní mór go mbeadh an deimhniú seo i bhfeidhm sula ndéanfaí iarratas ar an bhfaoiseamh seo chuig na Coimisinéirí Ioncaim (DDO).** D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach an deimhniú seo a fhógairt do Lár-Oifig Feithicilí na gCoimisinéirí Ioncaim chomh maith.

Duine Cuícháilithe (DC)

I gcás go ndéantar feithicil a oiriúnú agus a dheimhniú ag Duine Cuícháilithe sa Stát, ní mór an t-oiriúnú a shonrú agus úsáid á baint as foirm na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le hOiriúnú a Dhearbhú (leathanaigh 5 - 8).

**FOIRM DDO FOIRM DDO LE HAGHAIDH FAOISEAMH CÁNACH MAIDIR LE FEITHICLÍ A
CHEANNAÍTEAR LE BHEITH Á N-ÚSÁID AG EAGRAÍOCHTAÍ CÁILITHEACHA**



SONRAÍ na hEAGRAÍOCHTA	
Ainm:	
Seoladh (Eircode san áireamh):	
Uimhir Ghutháin:	
Uimhir Thagartha Cánach:	
Uimhir Chlárúcháin an Charthanais:	

Uimhir Idirnáisiúnta an Chuntais Bainc (IBAN) (34 carachtar ar a mhéad)

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Cód Aitheantais an Bhainc (BIC) (11 carachtar ar a mhéad)

Ainm an chuntais

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

--

Sonraí na Feithicle

Uimhir Aitheantais na Feithicle:

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Cineál an Bhreosla: Díosal Peitreal GPL (LPG) **Feithicil:** Nua Úsáidte Allmhaire

An bhfuil an Fheithicil faoi réir ag socrú léasaithe? **Tá** **Níl**

Sonraí an Gharáiste	
Ainm:	
Seoladh (Eircode san áireamh):	
Uimh. CBL:	
Uimh. Ghutháin:	

Luaigh cé acu an bhfuil tú ag éileamh le haghaidh:

- 1. Feithicil atá tógtha nó oiriúnaithe go speisialta chun daoine faoi mhíchumas a iompar. **TÁ** **NÍL**
- 2. Feithicil atá oiriúnaithe go cuimsitheach chun daoine faoi mhíchumas a iompar. **TÁ** **NÍL**
- 3. Feithicil atá oiriúnaithe chun cúigear nó níos mó daoine faoi mhíchumas a iompar. **TÁ** **NÍL**

4. Má tá tú ag éileamh mar thiománaí, luaigh oiread an oiriúnaithe, le do thoil:

SPEISIALTA SONRACH CUIMSITHEACH

5. An é seo do chéad iarratas? **TÁ** **NÍL**

6. Más é Ní hEA an freagra ar cheist 5 thuas, luaigh cláruimhreacha na bhfeithicilí atá ceadaithe sa Scéim seo cheana.

--	--	--	--	--

7. An bhfuil an fheithicil seo ag dul in áit aon cheann de na feithicilí thuas? **TÁ** **NÍL**

8. Cé mhéad duine a dtugann tú aire dóibh agus a bhíonn á n-iompar agat?

9. Cé mhéad de na daoine seo a cháilíonn faoi Rialachán 3?

DEARBHÚ (*Caithfidh gach iarratasóir an dearbhú seo a chomhlánú*)

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar fhaoiseamh cánach faoi na Rialacháin um Thiománaithe Míchumasaithe agus Paisinéirí Míchumasaithe (Lamháiltais Chánach) (Leasú) 2015 (mar a bhí leasaithe ag I.R. Uimh. 634 de 2015).

Dearbhaím leis seo go bhfuil an t-eolas atá tugtha san fhoirm seo agus sna doiciméid a thacaíonn leis fíor agus ceart ar feadh m'eolais agus mo chreidimh.

Údaraím aisíocaíocht atá dlíthe don Eagraíocht a bheith íoctha go díreach leis an gcontas bainc reatha bailí thuas.

Síniú: _____ Dáta: ____ / ____ / _____

Ainm (Blocclitreacha): _____ Post san Eagraíocht: _____

Do sheoladh ríomhphoist agus d'uimhir theileafóin: _____

Is cion é dearbhú bréagach a dhéanamh um fhaoiseamh ó cháin a fháil.

Baillíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar www.revenue.ie. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcrúachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

SEICLIOSTA

Nuair a bheidh an fhoirm seo á seoladh isteach agat, bí cinnte go bhfuil na nithe seo a leanas go léir faoi iamh agat, le do thoil:

1. DDO atá Comhlánaithe go hIomlán
2. Cóipeanna de Theastais Míochaine Príomhúla do dhuine faoi mhíchumas
- 3(a). Dearbhú faoi Oiriúnú Feithicle (d'fheithicil nua)
nó
- 3(b) Duine Cuícháilithe (DC) (i gcás feithicle athlámhe)
- 4(a). Luachan le haghaidh ceannach feithicle nua
nó
- 4(b) Sonrasc ceannaigh na feithicle
- 5(a). Luachan a shonraíonn na hoiriúnuithe atá le bheith déanta ar an bhfeithicil
nó
- 5(b). Sonrasc ina sonraítear na hoiriúnuithe a rinneadh ar an bhfeithicil
6. An bhfuil an fhoirm sínithe agus an bhfuil dáta uirthi

Ba chóir an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig:

**An Lár-Oifig Aisiocaíochtaí
Na Coimisinéirí Ioncaim,
SAORPHOST,
Foirgneamh M:Tek II,
Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán,
H18 YH59**